# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2015
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT
# GNÁTHLEIBHÉAL

**Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná eisiach.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad; sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna d'fhéadfadh go mbeadh eochairfhrásaí, a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé na marcanna sannta, sna nótaí tacaíochta.
- **Déantar pointí iomchuí breise a chuireann iarrthóirí i láthair a mharcáil agus bronntar marcanna de réir a bhfiúntais.**
- Is é an comhthéacs, an tslí ina gcuirtear an cheist agus líon na marcanna a shanntar don fhreagra sa scrúdpháipéar a chinneann na mionsonraí a bheidh ag teastáil i bhfreagra ar bith. Is féidir, mar sin, go n-athróidh na riachtanais ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a bhronnadh.

## *INNÉACS NA gCEISTEANNA*


| Uimhir | Ábhar | Lch (lgh) |
|---|---|---|
| | | |
| | Pointí le tabhairt faoi deara | 2 |
| | Roinn A | 3- 6 |
| | Roinn B | |
| 1 | Iomaíocht Neamhfhoirfe agus Fógraíocht | 7 - 9 |
| 2 | Éileamh agus Soláthar, Margaí agus Táillí Uisce | 10 - 12 |
| 3 | Costais, Lucht Oibre agus Fiontraíocht | 13 - 16 |
| 4 | Airgead, Coigilteas agus Smaointeoireacht na hEacnamaíochta | 17 - 19 |
| 5 | Trádáil Idirnáisiúnta agus Rátaí Malairte | 20 - 22 |
| 6 | Cánachas agus Buiséadú an Rialtais | 23 - 25 |
| 7 | Tithíocht Shóisialta, Fás Geilleagrach agus Fostaíocht | 26 - 28 |
| 8 | Ioncam Náisiúnta | 29 - 31 |

# ROINN A (100 marc)

**1.** Cuir isteach an toisc tháirgeachta **nó** sampla cuí den toisc tháirgeachta sna **ceithre** spás atá ar fáil thíos.

| Toisc Tháirgeachta | TALAMH | **(ii) LUCHT OIBRE** | CAIPITEAL | **(iv) FIONTAR** |
|---|---|---|---|---|
| Sampla | **(i) TALAMH TALMHAÍOCHTA** **taiscí ola agus gáis, etc.** | MÚINTEOIR | **(iii) INNEALRA, bonneagar, etc.** | ÚINÉIR GNÓLACHTA |

**An 1ú freagra ceart: 8 marc**
**An 2ú freagra ceart: 4 mharc**
**An 3ú agus an 4ú freagra ceart: 2 mharc an ceann.**

(16 mharc)

**2.** Cé acu saintréithe / boinn tuisceana díobh seo ar an liosta thíos a thagraíonn don **Iomaíocht Fhoirfe**?
(Scríobh **Fíor** nó **Bréagach** i ndiaidh gach ceann de na habairtí.) (16 mharc)

| | ABAIRT | FÍOR nó BRÉAGACH |
|---|---|---|
| **(i)** | Tá na hearraí aonchineálach / comhionann le chéile. | **FÍOR** |
| **(ii)** | Tá bacainní ar iontráil sa mhargadh seo. | **BRÉAGACH** |
| **(iii)** | Tá a lán ceannaitheoirí agus díoltóirí sa mhargadh. | **FÍOR** |
| **(iv)** | Is earraí gar-ionaid iad na hearraí. | **BRÉAGACH** |

**An 1ú freagra ceart: 8 marc**
**An 2ú freagra ceart: 4 mharc**
**An 3ú agus an 4ú freagra ceart: 2 mharc an ceann.**

(16 mharc)

**3.** Is é 12.5 % ráta na <u>Cánach Corparáide</u> in Éirinn faoi láthair.
Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi **agus** tabhair breac-chuntas ar chúis fhéideartha **amháin** a bhí ag Rialtas na hÉireann leis an ráta a choinneáil ar 12.5 % i gCáinaisnéis 2015. (16 mharc)

**Míniú**

**Cáin é seo a ghearrtar ar na brabúis a dhéanann comhlachtaí (in Éirinn).**

**Cúis amháin** a bhí ag Rialtas na hÉireann leis an ráta a choinneáil ar 12.5% i gCáinaisnéis 2015.

Leanúint orthu ag mealladh infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) go hÉirinn.
Ráta cánach iomaíoch a bheith acu.
A chur ar chumas gnólachtaí in Éirinn níos mó brabús a athinfheistiú agus a choinneáil iomaíoch dá bharr.
A chur ar chumas gnólachtaí a gcuid oibríochtaí a fhairsingiú, agus fostaíochta a mhéadú dá bharr.
Fás geilleagrach a mhéadú.
Easpórtálacha a mhéadú: d'fhéadfadh roinnt gnólachtaí an méid a tháirgtear a easpórtáil.
Feabhas a chur ar airgeadas an rialtais trí CPT méadaithe; Cáin ioncaim agus CBL.

(16 mharc)

**Míniú: 10 marc : 5 mharc + 5 mharc**
**Cúis amháin: 6 mharc**

**4.** Roghnaigh na focail chearta as an liosta thíos agus críochnaigh an dá ráiteas seo a leanas:

**A Dhíol** **A Cheannach** **Earraí** **Seirbhísí**

Ráiteas A

Nuair a dhéantar **Earraí** as Éirinn **A Dhíol** le tíortha coimhthíocha sainmhínítear iad mar **easpórtálacha sofheicthe.**

Ráiteas B

Nuair a dhéanann muintir na hÉireann **Seirbhísí** coimhthíocha **A Cheannach** sainmhínítear iad mar **iompórtálacha dofheicthe**.

(16 mharc)

**An chéad 2 fhreagra chearta ar 6 mharc an ceann.**
**An 3ú agus an 4ú freagra ceart: 2 mharc an ceann.**

**5.** (a) Luaigh **dhá** shaintréith eacnamaíochta de Thíortha Tearcfhorbartha (TTF). (16 mharc)

- Ioncam íseal in aghaidh an duine / caighdeán íseal maireachtála / bochtaineacht fhorleathan
- Bonneagar neamhleor/drochbhonneagar
- Bíonn céatadán ard den daonra ag gabháil do thionscail eastóscacha/phríomhúla
- Easpa caipitil
- Drochsholáthar na seirbhísí stáit/cuid mhór neamhlitearthachta/galair agus droch-chaighdeán sláinte
- Fiachas ard náisiúnta/eachtrach
- Cuid mhór dífhostaíochta
- D'fhéadfadh sé go bhfuil dúshaothrú á dhéanamh ag comhlachtaí ilnáisiúnta ar dhaoine: rátaí pá ísle á dtabhairt d'oibrithe / easpa aire á tabhairt don chomhshaol / praghsanna ísle easpórtála
- Rátaí arda fáis faoin daonra
- Gorta/ionchas saoil íseal

(b) Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** a dtiocfadh le hÉirinn (Rialtas na hÉireann nó saoránaigh na hÉireann) tacaíocht a thabhairt do TTF.

- D'fhéadfadh saoránaigh earraí a tháirgtear i dtíortha tearcfhorbartha a cheannach / táirgí Cóirthrádála a cheannach
- D'fhéadfadh saoránaigh dul i mbun feachtais ar son laghdú an fhiachais / beartais an rialtais a athrú.
- D'fhéadfadh saoránaigh dul ag obair ar bhonn deonach i dtíortha tearcfhorbartha
- D'fhéadfadh saoránaigh tabhartais a thabhairt lena n-áirítear cabhair airgeadais
- D'fhéadfadh rialtas na hÉireann cabhair airgeadais do thíortha tearcfhorbartha a mhéadú (ar aon dul le sprioc na Náisiún Aontaithe)
- D'fhéadfadh Rialtas na hÉireann, tríd an Aontas Eorpach, a iarraidh go ndéanfaí fiachas na dtíortha tearcfhorbartha a shocrú athuair.

**An chéad 2 fhreagra chearta ar 6 mharc an ceann.**
**An 3ú freagra ceart ar 4 mharc.**

**6.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Scríobh gach freagra sa spás atá curtha ar fail.) (17 marc)

| | |
|---|---|
| **BCE (*ECB*)** | **An Banc Ceannais Eorpach** |
| **PIT (*CPI*)** | **Praghasinnéacs Tomhaltóirí** |
| **EDT (*WTO*)** | **An Eagraíocht Dhomhanda Trádála** |

**An chéad 2 fhreagra chearta ar 6 mharc an ceann (2 + 2 + 2)**
**An 3ú freagra ceart ar 5 mharc (2 + 2 + 1)**

**7.** Cuir i gcás gurb é **– 2.8** Praghasleaisteachas an Éilimh (**PED**) ar Apple iPhone 6. (17 marc)

(i) Mínigh cad a chiallaíonn an comhartha diúltach (–).

**Ciallaíonn sé seo go d<u>titeann an chainníocht a éileofar</u> de réir mar a <u>ardaíonn praghas an earra seo</u>.**

(ii) Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach cás chun an ráiteas seo a leanas a chríochú.

Má tharlaíonn laghdú 10% ar mhargadhphraghas an Apple iPhone 6 seo, beidh **titim** / **ardú** **28%** / **2.8%** ar an gcainníocht a éileofar dá thoradh.

**Míniú: 10 marc: 5 mharc + 5 mharc**
**Gach freagra ceart a bhfuil ciorcal thart orthu: 4 mharc + 3 mharc an ceann.**

**8.** Deir eacnamaithe áirithe go bhfuil 'Imirce Daoine Oilte' ag tarlú in Éirinn de dheasca na himirce. Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus luaigh fadhb eacnamaíochta amháin eile a d'fhéadfadh a bheith ag Éirinn de dheasca na himirce. (17 marc)

**Míniú:**
Cuid mhór de na hoibrithe Éireannacha a bhfuil cuid mhór oideachais orthu ag dul ar imirce go tíortha saibhre.

**Fadhb eacnamaíochta amháin eile:**

D'fhéadfadh cóimheas cleithiúnais níos airde a bheith ann / cánachas méadaithe.
Cailleann an stát a infheistíocht in oideachas/in oiliúint na saoránach sin.
Margadh intíre níos lú agus níos lú deiseanna infheistíochta ag gnólachtaí/fiontraithe.

**Míniú: 10 marc**
**Fadhb eacnamaíochta amháin eile: 7 marc.**

**9.** Tá níos mó tomhaltóirí in Éirinn ag ceannach/ag siopadóireacht ar líne (ar an idirlíon). (17 marc)

(a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shochar eacnamaíochta atá le baint as an bhforbairt seo ag tomhaltóirí in Éirinn.

- **Rogha níos fearr earraí agus seirbhísí:** Rogha níos fearr ná mar a d'fhéadfadh a bheith ar fáil i do bhaile áitiúil.
- **Praghsanna níos iomaíche:** féadfaidh miondíoltóirí praghsanna níos ísle a thabhairt ar líne de bharr díolacháin mhéadaithe / costais níos ísle / barainneachtaí scála / lascainí do cheannaitheoirí ar líne.
- **Áisiúlacht:** féadfaidh daoine ceannach óna dtithe féin 24/7.
- **Coigilteas:** costais níos ísle siopadóireachta don tomhaltóir: ní gá taisteal chuig na siopaí agus coiglíonn sé sin breosla, táillí páirceála, etc.

**2 phointe ar 6 mharc an ceann.**


(b) Tabhair breac-chuntas ar chostas eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ar gheilleagar na hÉireann mar gheall ar an bhforbairt seo.

- **Meath ar ghníomhaíocht gheilleagrach intíre** mar gheall ar an laghdú féideartha ar líon na ndaoine a théann ag siopadóireacht.
- **Caillteanais phost:** laghdaíonn miondíoltóirí líon na bhfostaithe atá acu de bharr laghdú ar dhíolacháin sna siopaí.
- **Laghdú ar ioncam cánach don Rialtas:** laghdú ar fháltais CBL; laghdú féideartha ar CPT; Cáin ioncaim agus MSU.
- **D'fhéadfadh níos mó iompórtálacha teacht isteach sa gheilleagar:** rud a bheadh ina bhunús le sceitheadh ó shreabhadh ciorclach an ioncaim.

**5 mharc**

## C1 Iomaíocht Neamhfhoirfe agus Fógraíocht

Taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta in **Iomaíocht Neamhfhoirfe** sa léaráid thíos.




**(a)** Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.

(i) Luaigh cad dó a seasann **gach** ceann de na cúig lipéad thuas a bhfuil ciorcal thart orthu.
(ii) Bíonn an gnólacht i gcothromaíocht ag pointe S. Taispeáin ar do léaráid:

- An chainníocht a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad $\mathbf{C_1}$)
- An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar $C_1$ (úsáid an lipéad $\mathbf{P_1}$)

(30 marc)

(i)

| **Lipéad** | **Teideal Iomlán:** | |
|---|---|---|
| P | Praghas | **5 mharc** |
| C | Cainníocht | **5 mharc** |
| MC | **Meán**chostas | **5 mharc (3+2)** |
| CI | Costas **Imeallach** | **5 mharc (3+2)** |
| MI | **Meán**ioncam | **5 mharc (3+2)** |

(ii) Tá cothromaíocht ann ag **pointe S** ar an léaráid.
Taispeáin ar do léaráid:

- an chainníocht a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad $C_1$)
- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar an aschur seo (úsáid an lipéad $P_1$)

| | |
|---|---|
| $\mathbf{C_1}$ | **an chainníocht a tháirgfidh an gnólacht** |
| $\mathbf{P_1}$ | **an praghas a ghearrfar ar an aschur seo** |

An 1ú freagra ceart: **3 mharc /** An 2ú freagra ceart: **2 mharc an ceann.**

**(b)** Níl aon *bhacainní ar iontráil* in Iomaíocht Neamhfhoirfe.

(i) Mínigh an téarma *bacainní ar iontráil*.
(ii) Luaigh **dhá** shaintréith eile den Iomaíocht Neamhfhoirfe.
(iii) Scríobh nótaí gearra ar **gach** ceann díobh sin. (20 marc)

(i) **Bacainní ar iontráil**
Na tosca sin a d'fhéadfadh cosc a chur ar ghnólachtaí eile ó dhul isteach i margadh/ i dtionscal.
**Sampla:** thiocfadh le gnólacht aonair a bheith mar an t-aon úinéir amháin ar thoisc tháirgeachta/príomhacmhainn.

**Míniú: 4 mharc.**
**Gan ach sampla ann (2 mharc)**

(ii) **Saintréithe:**

**Tá mórán ceannaitheoirí ann.**

- Ní fhéadann ceannaitheoir aonair ar bith tionchar a imirt ar phraghas margaidh na n-earraí trína chuid nó a cuid gníomhaíochtaí féin.

**Tá mórán díoltóirí ann.**

- Feidhmíonn gach díoltóir go neamhspleách.
- Féadann díoltóir aonair tionchar a imirt ar an gcainníocht a dhíoltar tríd an bpraghas a ghearrann sé nó sí as an aschur.

**Táirgí difreáilte.**

- Tá difríochtaí idir na hearraí a tháirgtear.
- Is féidir le gnólachtaí leas a bhaint as brandáil/fógraíocht chun idirdhealú a dhéanamh idir a n-earraí féin agus earraí a gcuid iomaitheoirí.

**Eolas atá beagnach foirfe.**
Tá eolas atá beagnach iomlán ag gach gnólacht sa mhargadh maidir leis na brabúis a thuilleann na gnólachtaí eile sa tionscal.

**Féachann gach gnólacht leis an oiread brabús a dhéanamh agus is féidir.**

- Is é aidhm aonair gach gnólachta an chainníocht sin a sholáthar inarb ionann CI (Costas Imeallach) agus II (Ioncam Imeallach).
- Féachfaidh gach gnólacht leis na costais a laghdú an oiread agus is féidir freisin.

**2 ar 8 marc an ceann (4 + 4)**

**(c)** Déanann gnólachtaí in Iomaíocht Neamhfhoirfe fógraíocht d'fhonn *dílseacht bhranda* a bhunú.

(i) Mínigh an téarma *dílseacht bhranda*.
(ii) Luaigh agus mínigh buntáiste **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfógraíocht don tomhaltóir agus buntáiste **amháin** a d'fhéadfadh a bheith aici don díoltóir.
(iii) Luaigh agus mínigh míbhuntáiste **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfógraíocht don tomhaltóir agus míbhuntáiste **amháin** a d'fhéadfadh a bheith aici don díoltóir. (25 marc)

(i) **Dílseacht bhranda**

An fonn a bhíonn ar chustaiméirí cloí le branda amháin agus an branda sin a cheannach i dtólamh (e.g. *Barry's Tea* a cheannach i gcónaí in áit *Lyons Tea)*.

**5 mharc**

(ii) **Buntáistí na fógraíochta**

| Don tomhaltóir | Don díoltóir |
|---|---|
| **Tugann sí eolas / feasacht / rogha** Bíonn tomhaltóir láneolasach ar phraghsanna, ar thairiscintí speisialta, ar an bhfáil ar tháirgí/ar sheirbhísí nua. Rogha níos fearr earraí agus seirbhísí. | **Méadú ar dhíolacháin/ar bhrabúis** D'fhéadfadh díolacháin/brabúis dul i méad má bhíonn níos mó tomhaltóirí ar an eolas. |
| **Praghsanna níos iomaíche** D'fhéadfadh sé seo a bheith ina ábhar le níos mó iomaíochta agus thiocfadh leis na praghsanna titim níos mó dá bharr. | **Sciar níos mó den mhargadh** Má mhéadaíonn na díolacháin, d'fhéadfadh an gnólacht a sciar den mhargadh a mhéadú, rud a chuirfeadh a íomhá chorparáideach chun feabhais. |
| **Barainneachtaí scála** Má mhéadaíonn na díolacháin, d'fhéadfadh gnólachtaí a dtáirgeadh a ardú agus b'fhéidir go mbainfeadh tomhaltóirí tairbhe as praghsanna níos ísle mar gheall ar bharainneachtaí scála. | **Gnólachtaí nua** Cuirtear ar chumas gnólachtaí nua dul isteach i margadh ar bhealach níos fusa siocair go dtugtar slí d'iontrálaithe custaiméirí a mhealladh ó ghnólachtaí atá ann cheana féin. |

**2 phointe ar 5 mharc an ceann (3 + 2)**

(iii) **Míbhuntáistí na fógraíochta**

| Don tomhaltóir | Don díoltóir |
|---|---|
| **Méadú ar phraghsanna** D'fhéadfadh sé go n-ardódh an gnólacht na praghsanna chun íoc as na costais mhéadaithe. | **Méadú ar chostais** Méadaíonn na costais don ghnólacht de thoradh na fógraíochta. |
| **Eolas bréagach/míthreorach** D'fhéadfadh sé go dtabharfaí eolas míchruinn/neamhiomlán do thomhaltóirí, rud a bheadh ina bhunús le mearbhall/eolas mícheart. | **Ionchais na dtomhaltóirí** B'fhéidir nach mbeadh an gnólacht ábalta ionchais (mhéadaithe) na dtomhaltóirí a shásamh agus, sa deireadh, go ndéanfaí dochar d'íomhá/do chlú an ghnólachta. |
| **Tobcheannach** De bharr na fógraíochta, b'fhéidir go gceannódh an custaiméir earra go tobann / b'fhéidir go gcruthófaí mian nach mbeadh ann murach sin. | **Caingean dlí** B'fhéidir go gcuirfí caingean dlí i leith an ghnólachta dá mbeadh an fhógraíocht míthreorach nó bréagach. |
| **Tráchtearraí díobhálacha** D'fhéadfadh fógraíocht daoine a spreagadh chun tráchtearraí díobhálacha a cheannach, e.g. alcól, agus thiocfadh leis sin sláinte an tomhaltóra a chur i mbaol. | **Brú maidir le feidhmiú níos fearr** D'fhéadfadh fógraíocht na n-iomaitheoirí brú a chur ar ghnólachtaí aonair an caighdeán a fheabhsú d'fhonn sciar den mhargadh a choimeád. |
| **B'fhéidir go bhfaighfí réidh le hiomaíocht** D'fhéadfadh barraíocht fógraíochta bac a chur ar iontráil sa tionscal agus d'eascródh níos lú iomaíochta do thomhaltóirí as sin. | |

**2 phointe ar 5 mharc an ceann (3 + 2)**

## C2 Éileamh agus Soláthar, Margaí agus Táillí Uisce


Taispeánann an t-eolas thíos sceidil éilimh agus soláthair na bhFón Cliste ar an margadh.

| **Praghas €** | **An Chainníocht a Éilítear (aonaid)** | **An Chainníocht a Sholáthraítear (aonaid)** |
|---|---|---|
| 100 | 50,000 | 10,000 |
| 200 | 40,000 | 20,000 |
| 300 | 30,000 | 30,000 |
| 400 | 20,000 | 40,000 |
| 500 | 10,000 | 50,000 |

Bain úsáid as an eolas thuas agus as léaráid **amháin:**

**(a)** (i) Tarraing cuar an éilimh ar Fhóin Chliste ar an margadh **agus** lipéadaigh é.
(ii) Tarraing cuar soláthair na bhFón Cliste ar an margadh **agus** lipéadaigh é.
(iii) Taispeáin ar do léaráid:
- Praghas cothromaíochta na bhFón Cliste ar an margadh (úsáid **$P_1$**)
- Cainníocht chothromaíochta na bhFón Cliste ar an margadh (úsáid C1).
(Féadann tú grafpháipéar a úsáid más mian leat.)

(30 marc)




**Graf: C/É: 5 phointe ar 2 mharc an ceann = 10 marc.**
**C/S: 5 phointe ar 2 mharc an ceann = 10 marc.**
**Lipéid: P, C, C/É agus C/S = 4 mharc.** (4 ar 1 mharc an ceann).
**$P_1$ agus $C_1$ : 2 x 3 mharc an ceann = 6 mharc.**

**(1 mharc an ceann má tharraingítear línte ach nach ndéantar $P_1$ agus $C_1$ a lipéadú).**

**(b)** Is féidir go mbogfaidh cuar an éilimh ar Fhóin Chliste **NÓ** cuar soláthair na bhFón Cliste ar dheis nó ar chlé mar gheall ar na nithe seo a leanas:

- locht a fhaightear i ndearadh Fhóin Chliste an déantóra sa chaoi gur gá iad a aisghairm
- raon d'Aipeanna nua a chuirtear ar fáil agus a chuirtear ar an bhFón Cliste.

Maidir le **gach** ceann de na nithe thuas, freagair na **trí** cheist seo a leanas:

(i) Luaigh cé acu cuar an éilimh **nó** cuar an tsoláthair a bhogfaidh
(ii) Luaigh cé acu ar dheis **nó** ar chlé a bhogfaidh an cuar a luann tú
(iii) Mínigh **cén fáth** a mbogfaidh an cuar sa treo a luaigh tú. (20 marc)

| | **Locht i ndearadh an déantóra** | **Marc.** | **Raon d'Aipeanna nua ar fáil** | **Marc.** |
|---|---|---|---|---|
| C/É nó C/S? | **Cuar an tsoláthair** | **5** | **Cuar an éilimh** | **5** |
| Bogadh ar dheis nó ar chlé? | **Ar chlé** | **3** | **Ar dheis** | **3** |
| Míniú | **Soláthrófar níos lú fóin chliste ar an bpraghas sin.** | **2** | **Éileofar níos mó fóin chliste mar thoradh ar fheabhsúcháin.** | **2** |
| | | **NÓ** | | |
| Rogha eile | **Dá ndéanfaí dochar don cháil, d'fhéadfadh Cuar an Éilimh bogadh ar chlé.** | **10** | **Toisc go mb'fhéidir go méadódh níos mó cuideachtaí líon na n-aipeanna a bheadh á dtáirgeadh, d'fhéadfadh Cuar an tSoláthair bogadh ar dheis.** | **10** |

**(c)** Sa chuid is mó de thíortha na hEorpa íocann úsáideoirí tí as an soláthar d'uisce glan agus as soláthar seirbhís fuíolluisce.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis eacnamaíochta le táillí uisce do theaghlaigh a thabhairt isteach.
(ii) Luaigh agus mínigh tionchar eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag na táillí uisce seo ar **gach** ceann díobh seo a leanas:
- teaghlaigh a íocann na táillí uisce seo
- Rialtas na hÉireann. (25 marc)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis eacnamaíochta le táillí uisce do theaghlaigh a thabhairt isteach.

**1. Ioncam**
Cabhróidh na táillí seo chun ioncam a ghiniúint d'Uisce Éireann agus íoc as soláthar d'uisce glan dá dheasca.

**2. Forbairt an bhonneagair**
Bainfear úsáid as an ioncam a gheofar chun infheistíocht a chur i bhfeabhsú an bhonneagair um sholáthar uisce, gníomh a laghdódh an méid uisce a chuirtear amú trí phíopaí a ndearnadh díobháil dóibh.

**3. Caomhnú uisce**
Más gá do dhaoine íoc as acmhainní nádúrtha (uisce), b'fhéidir go mbainfidís úsáid níos tíosaí astu.

**2 ar 6 mharc an ceann. (3 + 3)**

(ii) Tionchar eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag táillí uisce ar theaghlaigh agus ar an rialtas:

| Teaghlaigh | Rialtas na hÉireann |
|---|---|
| **Caighdeán maireachtála níos ísle**<br>Titfidh an t-ioncam indiúscartha agus rachaidh seo i bhfeidhm go diúltach ar an gcaighdeán maireachtála. | **Laghdú ar chaiteachas na dtomhaltóirí**<br>Beidh níos lú ioncam indiúscartha le caitheamh ag daoine. Mar sin de, d'fhéadfadh an t-éileamh sa gheilleagar titim agus d'fhéadfadh sé sin an fás geilleagrach a laghdú. |
| **Deischostas**<br>Tá deischostas i gceist leis an táille seo sa mhéid is go bhféadfaí an t-ioncam a chaitheamh ar rud éigin eile. | **Corraíl phoiblí**<br>D'fhéadfadh daoine agóid a dhéanamh agus diúltú an táille a íoc, rud a bheadh ina bhunús le míshástacht phoiblí. |
| **Níos lú úsáide a bhaint as uisce**<br>D'fhéadfadh teaghlaigh níos lú úsáide a bhaint as uisce agus an oiread uisce a chuirtear amú a laghdú freisin. | **Méadú ar an bhfostaíocht**<br>Bheadh níos mó daoine ar fostú ag cur méadar isteach – chaithfí níos lú ar leas sóisialach agus gheofaí níos mó ioncam cánach dá bharr. |
| **7 marc:**<br>**Luaigh: 4 mharc. Mínigh: 3 mharc** | **6 mharc:**<br>**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc** |

## C3 Costais, Lucht Oibre agus Fiontraíocht

Is fiontraí í Emma Ní Néill agus tá gnó ar bun aici ag dearadh agus ag cruthú gairdíní**.** Taispeántar sa tábla thíos meastachán ar a costais táirgeachta agus ar a hioncam iomlán i gcás raon aschuir.

| Líon na n-aonad aschuir | Costais Sheasta | Costais Athraitheacha | Costais Iomlána | Ioncam Iomlán | Brabús/Caillteanas Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| 1 | 2,000 | 1,000 | 3,000 | 3,200 | 200 |
| 2 | 2,000 | 1,800 | 3,800 | 4,300 | 500 |
| 3 | 2,000 | 3,300 | **A.** | 6,500 | **C.** |
| 4 | 2,000 | 5,000 | **B.** | 8,800 | **D.** |

**(a)** (i) Mínigh an téarma thuas a bhfuil líne faoi.

(ii) Agus úsáid á baint agat as an tábla, ríomh na costais iomlána ag **A** agus ag **B** (taispeáin do chuid oibre i do fhreagarleabhar) agus an brabús iomlán ag **C** agus ag **D** (taispeáin do chuid oibre i do fhreagarleabhar).

(iii) Is samplaí iad seo a leanas de chostais a bhíonn ag dearthóir gairdíní:

**Lomaire faiche** **Plandaí/Toir** **Trucail** **Leasachán**

Cuir in iúl cé acu díobh sin thuas ar costais sheasta iad agus cé acu díobh ar costais athraitheacha iad. Mínigh do fhreagra i n**gach cás**. (30 marc)

(i) **Fiontraí:**

- Téann fiontraí sa **seans** le gnólacht a bhunú.
- Déanann fiontraí **na tosca eile táirgeachta a chomhcheangal** isteach in aonad táirgeachta.

**6 mharc**

(ii) **Ríomh A, B, C agus D.**

A. €2,000 + €3,300 = €5,300
B. €2,000 + €5,000 = €7,000
C. €6,500 – €5,300 = €1,200
D. €8,800 – €7,000 = €1,800

**Marcanna: 16 mharc: (1+1+2) i ngach cás**

(iii)

| | Costais sheasta | Costais athraitheacha |
|---|---|---|
| Costais | Lomaire faiche agus Trucail | Plandaí/Toir agus Leasachán |
| Mínigh | Fanann siad seo mar atá siad beag beann ar líon na ngairdíní a chruthaítear / ní dhéanann cainníocht an aschuir a tháirgtear difear dóibh. | Méadóidh siad seo de réir mar a chruthaítear níos mó gairdíní / athraíonn siad de réir an aschuir a tháirgtear. |

**Aithin 4 chostas: 4 ar 1 mharc = 4 mharc**
**2 mhíniú: 2 ar 2 mharc = 4 mharc**

**(b)** Má leanann an gnó ag fás, is féidir go smaoineoidh Emma ar lucht oibre breise a fhostú ar an ráta náisiúnta íosphá.

(i) Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc a d'fhéadfadh Emma a spreagadh chun breis oibrithe a fhostú.

(24 marc)

(i) **Míniú na dtéarmaí:**

| Lucht oibre | An ráta náisiúnta íosphá |
|---|---|
| Sainmhínítear lucht oibre mar an iarracht **dhaonna** atá bainteach le **táirgeadh** earraí agus seirbhísí / faightear pá ar a son. | An **pá is ísle** nach mór d'fhostóirí a íoc lena gcuid fostaithe, **de réir an dlí**. |
| **6 mharc: 4 + 2** | 7 **mharc: 4 + 2** |

(ii) **Luaigh agus mínigh dhá thoisc a d'fhéadfadh Emma a spreagadh chun breis oibrithe a fhostú.**

**Níos mó éilimh ar aschur**
Má bhíonn méadú ar an éileamh ar sheirbhísí Emma, d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar oibrithe breise.

**Beartais an rialtais**
Dá ndéanfadh an rialtas níos saoire é chun oibrithe a fhostú, d'fhéadfadh Emma oibrithe breise a fhostú, e.g. laghdú ar ÁSPC an fhostóra; laghdú ar an gcáin bhrabúis chorparáide; dreasachtaí as duine atá dífhostaithe go fadtéarmach a fhostú, etc.

**Laghdú ar an íosphá náisiúnta**
Dá laghdófaí an ráta náisiúnta íosphá, d'fhéadfadh na costais táirgeachta titim agus d'fhéadfadh an bhrabúsacht ardú. B'fhéidir go mbeadh Emma in ann oibrithe breise a fhostú dá thoradh.

**2 thoisc ar 6 mharc an ceann. (3 mharc + 3 mharc).**

**(c)**

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis, seachas cruthú fostaíochta, a bhfuil an fhiontraíocht tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** a d'fhéadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas a dhéanamh chun an fhiontraíocht a spreagadh.

- Rialtas na hÉireann
- Tomhaltóirí na hÉireann (21 marc)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis, seachas cruthú fostaíochta, a bhfuil an fhiontraíocht tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

**Comhardú na n-íocaíochtaí a fheabhsú**
Má dhéantar na hearraí a tháirgtear a easpórtáil, cuirfidh sé sin staid Chomhardú na nÍocaíochtaí chun feabhais.

**Infheistíocht bhreise a spreagadh / Fás geilleagrach (OTN)**
Cuireann fiontraithe a gcuid airgid agus a gcuid scileanna i ngnólacht le súil go ndéanfaidís brabús agus d'fhéadfadh sé go spreagfaí infheistíocht bhreise sa gheilleagar dá mbeadh rath air.

**Nuálaíocht: táirgí nua**
D'fhéadfadh fiontraithe rathúla cuid dá mbrabús a infheistiú d'fhonn dtáirgí nua a fhorbairt a rachadh chun sochair don tsochaí.

**Cuidiú le giniúint ioncaim chánach don rialtas / an caiteachas reatha a laghdú**
De bharr fiontraithe a bheith ag táirgeadh aschuir, ag soláthar seirbhísí agus ag cruthú fostaíochta, tugtar cúnamh maidir le hioncam cánach a ghiniúint don rialtas, rud a chuidíonn le maoiniú chaiteachas an stáit. Laghdófar an méid airgid a chaitear ar leas sóisialach.

**2 ar 6 mharc (3+3).**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** a d'fhéadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas a dhéanamh chun an fhiontraíocht a spreagadh.

Rialtas na hÉireann:

**Oideachas fiontraíochta a spreagadh**
D'fhéadfaí béim níos mó ar oideachas fiontraíochta sna scoileanna agus sna coláistí a spreagadh agus d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó daoine aonair toilteanach dul sa seans le fiontraíocht.

**Beartais an rialtais**
Dá laghdódh an rialtas cáin brabúis chorparáide tharlódh go bhfeicfeadh daoine aonair go bhféadfaí brabús níos mó a dhéanamh.
Dá laghdófaí rátaí CBL d'fhéadfadh sé go méadófaí an t-éileamh atá ar earraí agus go gcruthófaí deiseanna níos fearr infheistíochta.
Dá laghdódh an rialtas na rialacháin a bhaineann le gnólacht a chur ar bun, d'fhéadfadh sé go mbeadh suim ag níos mó daoine a bheith ina bhfiontraithe.
Dá dtairgfeadh an rialtas deontais agus dreasachtaí eile chun gnólacht a bhunú / go gcruthófaí timpeallacht fhabhrach gnó.

**Oiliúint/scileanna an mhargaidh shaothair**
Dá bhfeabhsódh an rialtas scileanna na n-oibrithe trí mhéadú a dhéanamh ar oiliúint/oideachas, d'fhéadfadh sé go ndéanfadh an lucht oibre níos oilte sin an fhiontraíocht a spreagadh.

**Bonneagar na tíre a fhorbairt**
De bharr na hinfheistíochta i dteicneolaíocht cumarsáide tríd an teacht ar leathanbhanda, is fusa do dhaoine gnólacht a chur ar bun. Is lámh chúnta é iompar bóithre/cumhacht, etc.

**Cobhsaíocht san earnáil bhaincéireachta a chur chun cinn/a choinneáil**
Dá gcobhsófaí na bainc d'fhéadfadh sé go dtabharfadh an rialtas deis do na bainc creidmheas a sholáthar agus daoine a spreagadh ar an dóigh sin chun iasacht a fháil agus gnó a bhunú.

Tomhaltóirí na hÉireann

**Caiteachas a mhéadú sa mhargadh intíre**
Beidh méadú ar chaiteachas na dtomhaltóirí ina bhunús le méadú ar an éileamh agus eascróidh gníomhaíocht ghnó méadaithe as sin.

**Earraí Éireannacha a cheannach**
Má cheannaíonn tomhaltóirí in Éirinn táirgí a dhéantar in Éirinn, d'fhéadfadh sé go spreagfaí níos mó daoine chun gnólacht a bhunú in Éirinn.

**Siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil**
Má théann tomhaltóirí in Éirinn ag siopadóireacht ina mbailte áitiúla, ginfear níos mó éilimh agus d'fhéadfadh sé go mbunódh daoine níos mó gnólachtaí dá bharr.

**An dearcadh i leith teip ghnó a athrú**
Má ghlactar le teip mar chuid den ghnó, d'fhéadfadh sé dearcadh níos dearfaí i leith na fiontraíochta a spreagadh agus dóchas a thabhairt do dhaoine dul i bhfiontar.

**An 1ú freagra ceart ar 6 mharc (3 + 3)**
**An 2ú freagra ceart ar 3 mharc (2 + 1)**

## C4 Airgead, Coigilteas agus Smaointeoireacht na hEacnamaíochta

**(a)** Is feidhmeanna de chuid an airgid iad meán malairte agus tomhas luacha.
Mínigh **gach** ceann de na téarmaí a bhfuil líne fúthu agus luaigh feidhm **amháin** eile de chuid an airgid. (21 marc)

**Meán malairte**
Mír a thugann ceannaitheoirí do dhíoltóirí nuair is mian leo earraí agus seirbhísí a cheannach.

**Tomhas luacha**
An tslat tomhais a úsáideann daoine chun praghsanna a bhreacadh agus fiachais a thaifeadadh.
Cuireann airgead luach/praghas ar earraí agus seirbhísí.

**2 ar 7 marc an ceann**

- **Stór saibhris**
- **An tagarmharc i gcomhair íocaíocht iarchurtha**

**7 marc**

**(b)** Is toisc amháin í ráta na **CCÚT** (*DIRT*) a mbíonn tionchar aici ar leibhéal an choigiltis phearsanta.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **CCÚT**?
(ii) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc, seachas ráta na CCÚT, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar leibhéal coigiltis duine. (30 marc)

(i) **Cáin Choinneála ar Ús Taisce** **8 marc**

(ii) **Coigilteas:** an chuid sin d'ioncam duine nach gcaitheann sé nó sí. **6 mharc**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc, seachas an ráta CCÚT, a d'fhéadfadh duine a chur san áireamh agus coigilteas á bheartú aige/aici.

**Rátaí úis**

- Má mheasann an coigilteoir ionchasach go bhfuil na rátaí úis atá á dtairiscint ag na hinstitiúidí airgeadais íseal, d'fhéadfadh sé go gcinnfeadh duine gan airgead a choigilt.
- Má tá an ráta úis níos airde ná an ráta boilscithe, d'fhéadfadh sé sin daoine a spreagadh chun airgead a choigilt.

**Méideanna ioncaim**

- Dá mhéad é méid ioncaim an duine, is amhlaidh is mó an cumas atá aige/aici airgead a choigilt.

**Méid an bhoilscithe**

- Bíonn boilsciú ina chúis le laghdú ar an bhfíor-ráta toraidh ar choigilteas.
- Ciallaíonn boilsciú nach mór duit níos mó airgid a chaitheamh chun earraí agus seirbhísí a cheannach. Dá bhrí sin, tá laghdú ar an gcumas atá agat airgead a choigilt.

**An Méid Sochar Leasa Shóisialaigh**

- Má chuireann an stát sochair leasa shóisialaigh mhaithe ar fáil, d'fhéadfadh sé sin daoine a dhíspreagadh chun airgead a choigilt, mar go bhfuil a fhios acu go bhfreastalóidh an stát orthu go leordhóthanach.

**Méideanna cánach**

- Má thagann laghdú ar na rátaí cánach ioncaim, ardóidh an t-ioncam indiúscartha agus d'fhéadfadh cumas níos fearr coigilte eascairt as sin.
- Laghdóidh tabhairt isteach na cánach nua uisce an t-ioncam indiúscartha agus d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le laghdú ar choigilteas.

**Ionchais amach anseo / muinín as an ngeilleagar**

- Má tá daoine buartha faoi thodhchaí an gheilleagair, d'fhéadfadh sé go gcaillfí muinín na dtomhaltóirí agus go gcoigleodh daoine níos mó airgid dá bharr.

**2 ar 8 marc an ceann (4 mharc + 4 mharc)= 16**

**(c)** (i) Dúirt an t-eacnamaí John Maynard Keynes go mbíonn trí chúis ag daoine lena gcuid maoine a choinneáil i bhfoirm airgid thirim:

- Cúiseanna idirbheartaíochta
- Cúiseanna réamhchúraim
- Cúiseanna amhantraíochta

Mínigh **dhá cheann ar bith** de na cúiseanna thuas.

(ii) Ainmnigh eacnamaí **amháin** eile a chuir le smaointeoireacht na heacnamaíochta agus tabhair breac-chuntas ar rud **amháin** ar chuir an duine seo leis an smaointeoireacht sin.

(24 marc)

(i)

| Cúis | Míniú |
|---|---|
| Cúis Idirbheartaíochta | **Teastaíonn airgead tirim ó dhaoine chun earraí agus seirbhísí a cheannach** |
| Cúis Réamhchúraim | **Teastaíonn airgead tirim le haghaidh cásanna éigeandála/le haghaidh 'na coise tinne'** |
| Cúis Amhantraíochta | **Teastaíonn airgead tirim le teacht i dtír ar na deiseanna féideartha brabúsacha infheistíochta.** |
| | **2 CHEANN AR BITH ar 8 marc an ceann** |

(ii) Eacnamaí amháin eile agus breac-chuntas ar rud amháin a chuir an duine seo leis an smaointeoireacht sin.

| **Ainm** | **Ráiteas** | **Míniú – sampla** |
|---|---|---|
| **Karl Marx** | Teoiric Saothair an Luacha | • B'ionann luach táirge agus an méid saothair a úsáideadh chun an táirge sin a dhéanamh. |
| **Adam Smith** | Prionsabail an Chánachais<br>Iomaíocht Fhoirfe<br>Laissez Faire | • Bhí cáin a bhí cothrom, eacnamaíoch, áisiúil agus cinnte i gceist le prionsabail an chórais chothroim chánachais. |
| **Thomas Malthus** | Teoiric an Daonra | • Fásann an daonra go hiolraíoch agus fásann an soláthar bia go huimhríochtúil, rud is ábhar le soláthar bia neamhleor. |
| **David Ricardo** | Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh | • Sa chás go bhfuil tír amháin is éifeachtúla i dtáirgeadh na dtráchtearraí uile, ba chóir di gabháil le saineolaíocht i dtáirgeadh an chinn lena mbaineann an éifeachtúlacht is réasúnta agus trádáil a dhéanamh ar son a riachtanas eile. |
| **2 mharc** | **3 mharc** | **3 mharc** |

## C5 Trádáil Idirnáisiúnta agus Rátaí Malairte

**(a)** Tugtar an t-eolas seo a leanas duit faoi thrádáil tíre i mbliain amháin.

| Easpórtálacha Sofheicthe €milliún | Iompórtálacha Sofheicthe €milliún | Comhardú na Trádála €milliún | Barrachas nó Easnamh |
|---|---|---|---|
| **25,000** | **24,200** | ? | ? |

(i) Mínigh an téarma *Comhardú na Trádála.*
(ii) Ag baint úsáide as na sonraí thuas duit, ríomh Comhardú na Trádála **agus** mínigh do freagra.
(iii) Má tháinig méadú €1,000m ar leibhéal na n-iompórtálacha sofheicthe thuas, ríomh Comhardú nua na Trádála **agus** luaigh cé acu barrachas nó easnamh é. (Taispeáin do chuid oibre.)

(26 marc)

(i) *Comhardú na Trádála:*
Is é seo an difríocht idir easpórtálacha sofheicthe agus iompórtálacha sofheicthe.

**6 mharc: 3+3**

(ii) Ag baint úsáide as na sonraí thuas duit, ríomh Comhardú na Trádála agus mínigh do fhreagra.

Easpórtálacha sofheicthe – Iompórtálacha sofheicthe
**€25,000m - €24,200m = €800m**

**6 mharc: 2 + 2 + 2**

Comhardú na trádála é lena mbaineann **barrachas**.
De bharr go bhfuil easpórtálacha sofheicthe níos mó ná iompórtálacha sofheicthe.

**4 mharc: 2 + 2**

(iii) Ríomh comhardú nua na trádála:

Iompórtálacha sofheicthe nua: €24,200 m[1] + €1,000 m[1] = €25,200 m [2]

Comhardú nua na Trádála: €25,000 m[1] - €25,200 m[4] = - €200 [2]

**Easnamh** [2] atá ann.

**10 marc**

**(b)** Ba cheart go dtiocfadh méadú ar easpórtálacha na mairteola as Éirinn de thoradh ar dheireadh a chur leis an *trádbhac* atá, le 16 bliana anuas, ar iompórtálacha mairteola as an Eoraip i margadh na Stát Aontaithe.

(i) Mínigh an téarma eacnamaíochta *trádbhac*.
(ii) An easpórtáil shofheicthe **nó** easpórtáil dhofheicthe í easpórtáil na mairteola as Éirinn? Mínigh do fhreagra.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** shochar eacnamaíochta atá le baint ag geilleagar na hÉireann as méadú ar easpórtálacha.

(25 marks)

(i) Mínigh an téarma eacnamaíochta *trádbhac*.

Cosc iomlán é seo ar iompórtáil earra i dtír.

**5 mharc**

(ii) An easpórtáil shofheicthe **nó** easpórtáil dhofheicthe í easpórtáil na mairteola as Éirinn? Mínigh do fhreagra.

Freagra: **Easpórtáil sofheicthe** **3 mharc**

Míniú: **Saoránach i Meiriceá atá ag ceannach earra as Éirinn.** **3 mharc**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** shochar eacnamaíochta atá le baint ag geilleagar na hÉireann as méadú ar easpórtálacha.

**Cruthú fostaíochta**
Nuair is ann d'easpórtálacha is ann d'éileamh méadaithe ar earraí a táirgeadh in Éirinn, agus bíonn breis fostaíochta ann dá bharr.

**Méadú ar OTN/ Fás geilleagrach**
Eascróidh ioncam méadaithe laistigh den tír as an airgead a fhaightear ó easpórtálacha (instealladh isteach sa sreabhadh ciorclach).

**Méadú ar dhíolacháin/ar bhrabúis**
D'fhéadfadh gnólachtaí intíre a gcuid díolachán/brabús a mhéadú trína n-aschur barrachais a easpórtáil chuig margadh eachtrach / barainneachtaí scála / airgeadraí eachtracha a thuilleamh. Is féidir le fáltas airgeadraí eachtracha cur le cúlchistí ár dtíre / an t-airgeadas a chur ar fáil chun cabhrú íoc as ár gcuid iompórtálacha.

**Infheistíocht a mhealladh**
Méadóidh easpórtálacha tréana an mhuinín as geilleagar na hÉireann agus d'fhéadfaidís cuidiú le hinfheistíocht bhreise a mhealladh go hÉirinn.

**Airgeadas an rialtais**
Déanfaidh gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe ioncam cánach méadaithe a ghiniúint don rialtas e.g. CBL / ÍMAT etc.

**14 mharc: 2 shochar: 7 marc an ceann. Luaigh: 4 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

**(c)** Tugtar an t-eolas seo a leanas duit i dtaobh ráta malairte an euro (€) agus an punt steirling na Ríochta Aontaithe (£).

**Bliain 1**: €1 = £1.00 **Bliain 2**: €1 = £0.80

Tá **luach an euro (€) tite** i gcoibhneas le punt steirling na Ríochta Aontaithe (£).

Mínigh na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an titim seo i luach an euro do **gach** ceann díobh seo a leanas:

(i) **Easpórtálacha** as Éirinn **go dtí** an Ríocht Aontaithe
(ii) **Iompórtálacha** go hÉirinn **as an** Ríocht Aontaithe
(iii) **Fostaíocht** in Éirinn. (24 marc)

| | **Iarmhairt** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Easpórtálacha as Éirinn go dtí an Ríocht Aontaithe | • Easpórtálacha níos saoire<br>• Níos mó éilimh ar easpórtálacha as Éirinn<br>• Méadú ar an ioncam ó dhíolacháin d'easpórtálaithe na hÉireann | Laghdaíonn praghsanna na n-easpórtálacha as Éirinn i bpunt steirling, rud is ábhar le níos mó éilimh ar easpórtálacha as Éirinn sa Ríocht Aontaithe. |
| Iompórtálacha go hÉirinn as an Ríocht Aontaithe | • Iompórtálacha níos daoire<br>• Laghdú ar iompórtálacha | Méadóidh praghsanna na n-iompórtálacha as an Ríocht Aontaithe agus eascróidh níos lú éilimh ar iompórtálacha as an Ríocht Aontaithe as sin. |
| Fostaíocht in Éirinn | • Méadú | D'fhéadfadh borradh teacht ar earnáil na heaspórtála de thoradh níos mó easpórtálacha go dtí an Ríocht Aontaithe, rud a chruthódh tuilleadh fostaíochta. |

**An 1ú freagra ceart: 12 mharc. Luaigh: 6 mharc. Mínigh: 6 mharc.**
**An 2ú agus an 3ú freagra ceart: 2 ar 6 mharc an ceann.**
**Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

## C6 Cánachas agus Buiséadú an Rialtais

**(a)** Meastachán é seo a leanas ar bhuiséad reatha an Rialtais do 2015:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ioncam Reatha an Rialtais | €45,255 m | Caiteachas Reatha an Rialtais | €48,985 m |

(i) Ríomh an t-easnamh ar an mbuiséad reatha. (Taispeáin do chuid oibre.)
(ii) Mol **dhá** shlí a bhféadfadh an rialtas an t-easnamh seo a laghdú.
(iii) Luaigh sampla **amháin** d'ioncam reatha an Rialtais agus sampla **amháin** de chaiteachas reatha an Rialtais. (25 marc)

(i) Easnamh ar an mbuiséad reatha:

**€45,255[1] m -[1] €48,985[1] m = (€ 3,730)[2]**

**3 ar 1 mharc an ceann agus 2 mharc as an bhfreagra ceart: 5 mharc**

(ii) Mol **dhá** shlí a bhféadfadh an rialtas an t-easnamh seo a laghdú.

Caiteachas reatha an rialtais a laghdú **nó** sampla de sin, e.g. an méid airgid a chaitear ar leas sóisialach a laghdú.
Ioncam reatha an rialtais a mhéadú **nó** sampla de sin, e.g. cáin ioncaim a mhéadú.

**2 ar 5 mharc an ceann**

(iii) Luaigh sampla **amháin** d'ioncam reatha an Rialtais agus sampla **amháin** de chaiteachas reatha an Rialtais.

| Ioncam reatha an rialtais | Caiteachas reatha an rialtais |
|---|---|
| 1. Ioncam cánach dírí (nó sampla)<br>2. Ioncam cánach indírí (nó sampla)<br>3. Ús ar iasachtaí a tugadh do chomhlachtaí leathstáit /údaráis áitiúla<br>4. Barrachas comhlachtaí leathstáit.<br>5. Iarmhéideanna ranna.<br>6. Scéim Duaisbhannaí.<br>7. Táillí a gearradh le haghaidh seirbhísí stáit | 1. Tuarastail fhostaithe uile an stáit<br>2. Costas na ranna rialtais a reáchtáil<br>3. Costas na n-institiúidí stáit a reáchtáil (scoileanna, ospidéil, príosúin, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an tOmbudsman)<br>4. Íocaíochtaí leasa shóisialaigh<br>5. An tseirbhís fónaimh don fhiachas náisiúnta<br>6. Deontais d'údaráis áitiúla<br>7. Deonachán na hÉireann le buiséad an Aontais Eorpaigh. |

**Sampla amháin i ngach cás: 5 mharc an ceann.**

**(b)** I gCáinaisnéis 2015, d'ísligh an Rialtas ráta na cánach ioncaim ó 41% go 40% agus d'ísligh siad roinnt de rátaí an **MSU** (*USC*).

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha **MSU**?

(ii) An cáin dhíreach nó cáin indíreach í an cháin ioncaim? Mínigh do fhreagra.

(iii) Mínigh iarmhairt eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an ísliú ar ráta na cánach ioncaim do **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

- an t-easnamh ar bhuiséad reatha an Rialtais
- leibhéal na fostaíochta in Éirinn
- leibhéal na heisimirce as Éirinn. (24 marc)

(i) **MSU:** Muirear Sóisialta Uilíoch **6 mharc**

(ii) An cáin dhíreach nó cáin indíreach í an cháin ioncaim? Mínigh do fhreagra.

**Freagra:** Cáin dhíreach. **3 mharc**
**Míniú:** Cáin ar ioncam atá ann. **3 mharc**

(iii) Mínigh iarmhairt eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag an ísliú ar ráta na cánach ioncaim do **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

- an t-easnamh ar bhuiséad reatha an Rialtais
- leibhéal na fostaíochta in Éirinn
- leibhéal na heisimirce as Éirinn.

| Catagóir | Ráiteas | Míniú |
|---|---|---|
| An t-easnamh ar bhuiséad reatha an Rialtais | D'fhéadfadh an t-easnamh dul i méad<br><br>D'fhéadfadh an t-easnamh dul i laghad | • Mura mbíonn méadú ar bith ar an bhfostaíocht, titfidh an oiread ioncaim a gheofar ó cháin ioncaim<br>• Má bhíonn méadú ar an bhfostaíocht, d'fhéadfadh an oiread ioncaim a gheofar ó cháin ioncaim ardú<br>• D'fhéadfadh an oiread ioncaim ó cháin indíreach ardú má thagann méadú ar an méid caiteachais |
| Leibhéal na fostaíochta in Éirinn | D'fhéadfadh sé ardú | • Má thagann méadú ar an méid caiteachais, d'fhéadfadh borradh teacht ar an éileamh agus seans go dtiocfadh níos mó fostaíochta as sin<br>• De réir mar a ardaíonn an t-ioncam indiúscartha, thiocfadh le fostaithe éilimh phá a mhaolú, d'fhéadfadh costais titim agus seans go mbeadh níos mó éilimh ar fostaithe le sonrú dá dheasca |
| Leibhéal na heisimirce as Éirinn | D'fhéadfadh sé titim | • B'fhéidir go spreagfadh níos mó ioncam diúscartha níos fearr oibrithe le fanacht in Éirinn.<br>• Má ardaíonn an t-éileamh mar gheall ar ioncam indiúscartha níos airde, b'fhéidir go gcruthófaí níos mó deiseanna fostaíochta agus ní bheadh ar an oiread céanna daoine an tír a fhágáil. |
| **12 mharc:** | **2 ar 3 mharc.** | **2 ar 3 mharc.** |

**(c)** Cuireadh méadú 40c ar an gcáin ar phaicéad fiche toitín i gCáinaisnéis 2015.

(i) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** eile a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tomhaltas toitíní a laghdú.
(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** shochar eacnamaíochta atá le baint ag **daoine aonair** as a dtomhaltas toitíní a laghdú.
(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** shochar atá le baint ag an t**sochaí** as titim i dtomhaltas toitíní.

(26 marc)

(i) Tabhair breac-chuntas ar bheart **amháin** eile a d'fhéadfaí a dhéanamh chun tomhaltas toitíní a laghdú.

| **Beart** | **Míniú** |
|---|---|
| Pacáistíocht aonchineálach a thabhairt isteach. | D'fhéadfadh sé seo teorainn a chur le fógraíocht agus an t-éileamh a laghdú. |
| Cosc a chur ar mheaisíní díolta i dtithe tábhairne. | Laghdóidh sé seo infhaighteacht na dtoitíní agus d'fhéadfadh sé éileamh/caitheamh a laghdú. |
| Líon na n-áiteanna ina ndíoltar toitíní a shrianadh. | D'fhéadfaí cosc a chur ar dhíol toitíní in áiteanna áirithe, e.g. stáisiúin pheitril, siopaí atá gar do scoileanna agus coláistí. |
| Fóirdheontas a thabhairt le haghaidh táirgí atá ar fáil a chabhraíonn le daoine éirí as caitheamh tobac. | Laghdaíonn fóirdheontais le haghaidh na dtáirgí sin costais an tomhaltóra. |
| Eolas a thabhairt faoi na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le caitheamh tobac. | Thiocfadh le fógraí níos gránna faoi na héifeachtaí sláinte a ghabhann le caitheamh tobac daoine a spreagadh chun éirí as tobac. |

**Luaigh: 3 mharc. Míniú: 3 mharc.**

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** shochar eacnamaíochta atá le baint ag **daoine aonair** as a dtomhaltas toitíní a laghdú.

**Níos mó ioncam indiúscartha:**
Beidh níos mó ioncam indiúscartha ag daoine aonair má cheannaíonn siad níos lú toitíní.

**Stíl mhaireachtála níos sláintiúla:** d'fhéadfadh daoine aonair a bheith níos sláintiúla mar thoradh ar níos lú drochthionchair ó chaitheamh toitíní.

**Caiteachas laghdaithe ar chúram sláinte:**
caithfidh daoine níos lú airgid ar chuairteanna ar an dochtúir, ar chúram sláinte, etc. mar gheall ar thinneas laghdaithe.

**Préimheanna laghdaithe le haghaidh árachas sláinte:** préimheanna níos saoire le haghaidh árachas sláinte.

**Méadú ar ionchas saoil:** B'fhéidir go mbeidh saol níos faide ag daoine má laghdaíonn siad an méid toitíní a chaitheann siad.

**10 marc: 2 ar 5 mharc (3+2).**

(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** shochar atá le baint ag an t**sochaí** as titim i dtomhaltas toitíní.

**Níos mó táirgiúlachta/laghdú ar an oiread neamhláithreachta**: d'fhéadfadh oibrithe a bheith as láthair níos annaimhe / níos lú íocaíochtaí ar leas sóisialach / geilleagar níos táirgiúla.

**Laghdú ar bhásanna de thoradh ailse / seirbhísí sláinte nach bhfuil faoin oiread céanna brú:** níos lú costais shóisialta don tsochaí.

**Pobal níos sláintiúla:** as a dtiocfaidh éileamh laghdaithe ar sheirbhísí sláinte / níos lú brú ar ospidéil.

**Timpeallacht níos fearr**: níos lú bruscair ar na sráideanna agus costais laghdaithe glantóireachta.

**10 marc: 2 ar 5 mharc (3+2).**

## C7 Tithíocht Shóisialta, Fás Geilleagrach agus Fostaíocht

**(a)** I ndiaidh Cháinaisnéis 2015, d'fhógair an Rialtas pleananna chun €2.2bn a chaitheamh ar thithíocht shóisialta sna trí bliana atá romhainn amach.

**Nóta:** Is é is Tithíocht Shóisialta ann ná tithíocht a chuireann an Rialtas ar fáil do dhaoine atá ar ioncam íseal, ar cíos atá níos ísle ná an cíos ar an saormhargadh.

(i) An caiteachas reatha **nó** caiteachas caipitiúil ag an Rialtas é an caiteachas seo ar thithíocht shóisialta? Mínigh do fhreagra.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le caiteachas ar thithíocht shóisialta.

(iii) Mínigh, agus sampla á thabhairt agat, deischostas **amháin** a ghabhann leis an infheistíocht seo i dtithíocht shóisialta. (26 marc)

(i) An caiteachas reatha **nó** caiteachas caipitiúil ag an Rialtas é an caiteachas seo ar thithíocht shóisialta? Mínigh do fhreagra.

**Freagra:** Caiteachas caipitiúil **3 mharc**

**Míniú:** Bainfidh saoránaigh sochar as tithíocht shóisialta thar roinnt blianta.
Mír chaiteachais aon uaire/fhadtéarmach é. **3 mharc**

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le caiteachas ar thithíocht shóisialta.

| **Ráiteas** | **Míniú** |
|---|---|
| Laghdú ar an easpa dídine | Laghdóidh líon na ndaoine a chodlaíonn ar na sráideanna de thairbhe níos mó tithíochta dóibh siúd atá gan dídean. |
| Caighdeán maireachtála níos fearr | Beidh caighdeán maireachtála/slándáil níos fearr acu siúd a bhogann as brúnna/árasáin bheaga ar cíos. |
| Níos mó fostaíochta i dtionscal na tógála | Tiocfaidh méadú ar an éileamh ar oibrithe i dtionscal na tógála toisc níos mó tithe a bheith á dtógáil. |
| Laghdú ar na praghsanna cíosa | De bharr soláthar méadaithe tithíochta, d'fhéadfadh laghdú teacht ar phraghsanna na dtithe ar cíos do thionóntaí. |
| Bonneagar níos fearr | Feabhsaíonn bonneagar an stáit agus cuireann sé sin leas iomlán shochaí na hÉireann chun tairbhe. |
| Fás geilleagrach | Beidh méadú ar an éileamh ar earraí agus seirbhísí a bhaineann le tionscal na tógála a rachaidh chun sochair do sholáthraithe na n-earraí agus seirbhísí sin. |

**14 mharc: 2 ar 7 marc. Luaigh: 4 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

(iii) Mínigh, agus sampla á thabhairt agat, deischostas **amháin** a ghabhann leis an infheistíocht seo i dtithíocht shóisialta.

D'fhéadfadh an rialtas an t-airgead a chaitheamh ar chúram sláinte.
**Sampla**:
D'fhéadfadh sé bardaí a oscailt in ospidéil / infheistíocht a chur in otharcharranna nua.

**Aon sampla amháin arna thabhairt agus arna mhíniú: 6 mharc (3+3)**

**(b)** "Tá sé á thuar go dtiocfaidh fás 3.7% ar gheilleagar na hÉireann in 2015, rud a fhágfaidh fás ann den tríú bliain i ndiaidh a chéile." (Feasachán Ráithiúil an Bhainc Cheannais, 2015)

(i) Luaigh tomhas **amháin** ar fhás geilleagrach.

(ii) Luaigh agus mínigh sochar **amháin** atá le baint as fás geilleagrach ag **gach** ceann díobh seo a leanas i ngeilleagar na hÉireann:

- Saoránaigh na hÉireann
- Gnólachtaí
- Airgeadas an Rialtais. (25 marc)

(i) Luaigh tomhas amháin ar fhás geilleagrach.

**Olltáirgeacht Náisiúnta / OTN**
**Olltáirgeacht Intíre / OTI** **7 marc**

(ii) Luaigh agus mínigh sochar **amháin** atá le baint as fás geilleagrach ag **gach** ceann díobh seo a leanas i ngeilleagar na hÉireann

| | Ráiteas | Míniú |
|---|---|---|
| **Saoránaigh na hÉireann** | **Deiseanna fostaíochta**<br><br>**Caighdeán maireachtála níos fearr**<br><br>**Seirbhísí feabhsaithe stáit**<br><br>**Gá le níos lú le dul ar imirce** | • Má mhéadaíonn díolacháin, beidh níos mó oibrithe ag teastáil / seans go mbeidh na poist atá ann cheana ina bpoist níos daingne.<br>• Beidh ioncam indiúscartha níos airde ag saoránaigh.<br>• Má fheabhsaíonn ioncam stáit, féadfaidh an rialtas seirbhísí stáit a fheabhsú / bonneagar stáit a fhorbairt.<br>• Má chruthaítear tuilleadh post, seans go mbeidh ar líon níos lú saoránach dul ar imirce. |
| **Gnólachtaí** | **Méadú ar dhíolacháin/ar bhrabúis**<br><br>**Fairsingiú /**<br>**baol níos lú i leith a ndúnta** | • Tagann méadú ar na díolacháin agus eascraíonn brabúis mhéadaithe as sin.<br><br>• Cuideoidh breis díolacháin le gnólachtaí leanúint ar aghaidh i mbun táirgeachta / fairsingiú. |
| **Airgeadas an rialtais** | **Ioncam cánach**<br><br>**Caiteachas ar leas sóisialach**<br><br>**Iasachtaí laghdaithe**<br><br>**Cumas chun fiachais a aisíoc** | • Tiocfaidh ioncam cánach méadaithe as fostaíocht mhéadaithe.<br>Tiocfaidh méadú ar CPT má ardaíonn na brabúis.<br>Ba chóir go méadódh CBL/dleachtanna mail.<br>• Ba chóir go dtiocfadh laghdú ar leas sóisialach má ardaíonn an fhostaíocht.<br>• D'fhéadfadh sé go dtitfeadh méid na n-iasachtaí stáit / go gcomhlíonfadh an Rialtas spriocanna buiséid mar thoradh ar an bhfeabhsú ar airgeadas an stáit. |
| **3 phointe ar 6 mharc.** | **Luaigh: 3 mharc** | **Mínigh: 3 mharc** |

**(c)** Tá Éire ina ball den Aontas Eorpach (AE) ó 1973 i leith.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh tíortha a bheith ag iarraidh ballraíocht den AE a bhaint amach.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíochta a d'Éirinn d'fhéadfadh a bheith ag baint le ballraíocht den AE. (24 marc)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh tíortha a bheith ag iarraidh ballraíocht den AE a bhaint amach.

- **Teacht ar mhargadh níos mó:** beidh gnólachtaí ábalta earraí a dhíol le margadh ina bhfuil os cionn 500 milliún custaiméir.
- **Saorthrádáil:** beidh baint na dtrádbhac ina chabhair chun costais na ngnólachtaí a laghdú agus cuideoidh sé leo dul san iomaíocht.
- **Fás geilleagrach:** tiocfaidh fás faoin ngeilleagar (fás atá bunaithe ar chúrsaí easpórtála) de réir mar a thagann méadú ar chúrsaí trádála.
- **Saorghluaiseacht daoine:** tig le baill gluaiseacht faoi shaoirse chun cónaí, chun oibriú agus chun a gcuid staidéar a chur i gcrích i stáit an Aontais Eorpaigh.
- **Oideachas:** tugtar aitheantas do cháilíochtaí, rud a fhágann go mbíonn sé níos fusa post a fháil.
- **Infheistíocht isteach:** seans gur mhaith le gnólachtaí lasmuigh den Aontas Eorpach teacht a fháil ar mhargaí móra an Aontais Eorpaigh.
- **Teacht ar an gCiste um Chomhtháthú Sóisialta:** cuireann an tAontas Eorpach infheistíocht sna réigiúin níos boichte d'fhonn éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú.
- **Sochair do thomhaltóirí:** saoirse siopadóireachta; praghsanna iomaíocha agus cosaint tomhaltóirí níos fearr.

**2 phointe ar 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.**


(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíochta a d'Éirinn d'fhéadfadh a bheith ag baint le ballraíocht den AE.

- **Na costais d'Éirinn:** Is ranníocóir glan í tír na hÉireann anois do bhuiséad an Aontais Eorpaigh.
- **Brú chun glacadh le beartais an Aontais Eorpaigh (déine/cuótaí iascaigh, etc.):** ón gcúlú eacnamaíochta i leith, ceanglaíodh arrialtas na hÉireann caiteachas an rialtais a laghdú agus spriocanna buiséid arna leagan amach ag an Aontas Eorpach a chomhlíonadh (beartas déine).
- **Maorlathas agus rómhaorlathas:** bíonn maorlathas breise san Aontas Eorpach ina bhunús le costais níos airde do ghnólachtaí agus tógann sé an chinnteoireacht níos faide ar shiúl ó phobail áitiúla freisin.

**2 phointe ar 6 mharc an ceann. Luaigh: 3 mharc. Mínigh: 3 mharc.**

## C8 Ioncam Náisiúnta

**(a)** Taispeántar sa léaráid thíos Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim i ngeilleagar gan rialtas ná trádáil idirnáisiúnta.




(i) Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh go soiléir gach ceann de na línte 1go 3.
(ii) Mínigh na saghsanna idirbheartaíochta/gníomhaíochtaí a tharlaíonn idir teaghlaigh agus gnólachtaí.
(iii) An geilleagar oscailte é geilleagar na hÉireann? Mínigh do fhreagra.

(25 marc)

(i) Lipéadaigh go soiléir gach ceann de na línte 1go 3

1. Tosca táirgeachta a sholáthar do ghnólachtaí ( **2 mharc + 2 mharc**).
2. Caitheamh/íocaíocht as earraí agus seirbhísí. (**3 mharc**)
3. Faigheann teaghlaigh ioncam tosca as ucht ionchuir a sholáthar (tosca táirgeachta)

**(2 mharc + 2 mharc).**

(ii) Mínigh na saghsanna idirbheartaíochta/gníomhaíochtaí a tharlaíonn idir teaghlaigh agus gnólachtaí.

- Teaghlaigh: **tosca táirgeachta a sholáthar** (do ghnólachtaí) agus **ioncam a fháil dá bharr**.
- Gnólachtaí: **tráchtearraí a dhíol** (earraí agus seirbhísí) le teaghlaigh, agus **caitheann siadsan a n-ioncam orthu sin**.

**2 ar 4 mharc an ceann (2 + 2)**

(iii) An geilleagar oscailte é geilleagar na hÉireann? Mínigh do fhreagra.

**Freagra:** Is geilleagar oscailte é. **3 mharc**
**Míniú:** bíonn sé i mbun trádála, i.e. déanann sé earraí agus seirbhísí a iompórtáil agus a easpórtáil.

**3 mharc**

**(b)** Baintear úsáid as an bhfoirmle seo a leanas chun <u>Ioncam Náisiúnta</u> a ríomh:

**Ioncam Náisiúnta = Tomhaltas + I + Caiteachas Rialtais + X – M**

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh cad dó a seasann gach ceann de na litreacha **I, X** agus **M**.
(iii) Tá leibhéal caiteachais na dtomhaltóirí (tomhaltas) ag tosú ar mhéadú in Éirinn. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an méadú seo ar chaiteachas na dtomhaltóirí.

(30 marc)

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

**An t-ioncam a thuill buanchónaitheoirí tíre** *ó* ghníomhaíocht reatha gheilleagrach i mbliain amháin.

**4 mharc** **1 mharc**

(ii) Luaigh cad dó a seasann gach ceann de na litreacha **I, X** agus **M**.

**I**: Caiteachas infheistíochta
**X**: Easpórtálacha
**M**: Iompórtálacha

**Luaigh gach litir: 5 mharc an ceann**

(iii) Tá leibhéal caiteachais na dtomhaltóirí (tomhaltas) ag tosú ar mhéadú in Éirinn. Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a d'fhéadfadh a bheith leis an méadú seo ar chaiteachas na dtomhaltóirí.

| **Ráiteas** | **Míniú** |
|---|---|
| Méadú ar an bhfostaíocht | Tá fostaíocht ag dul i méid in Éirinn agus dá bharr sin, bíonn níos mó ioncam indiúscartha ag na daoine nuafhostaithe le caitheamh ar earraí agus ar sheirbhísí. |
| Laghdú ar an ráta cáin ioncaim/an ráta MSU | I gCáinaisnéis 2015, d'ísligh an rialtas an t-uasráta cánach ó 41% go 40% agus tá níos mó ioncam indiúscartha ag cáiníocóirí dá thoradh. |
| Méadú ar mhuinín na dtomhaltóirí | Tá roinnt tomhaltóirí níos muiníní as a bhfuil i ndán do chúrsaí geilleagracha sa todhchaí agus is é is ciall leis sin go bhfuil cuid acu ag tosú ar chaitheamh níos mó dá n-ioncam indiúscartha de réir a chéile. |
| Téarmaí iomaíocha cairde ó ionaid díoltóireachta gluaisteán | Tá roinnt ionaid díoltóireachta gluaisteán ag tairiscint iasacht airgid ar ús 0% d'fhonn tomhaltóirí a spreagadh chun gluaisteáin nua a cheannach. |

**10 marc: 2 ar 5 mharc (3 mharc +2 mharc).**

**(c)** Is í seo an fhoirmle Iolraitheach i ngeilleagar oscailte: $\frac{1}{\text{MPS} + \text{MPM}}$

(i) Mínigh na téarmaí MPM agus MPS.

Cuir i gcás gurb é 0.3 an MPM agus gurb é 0.2 an MPS.

(ii) Ríomh méid an Iolraitheora, agus úsáid á baint agat as an bhfoirmle thuas. (Taispeáin do chuid oibre go léir.)

(20 marc)

(i) Mínigh na téarmaí MPM agus MPS.

**MPM**: Claonadh Imeallach chun Iompórtála
An cion d'ioncam breise a chaitear ar iompórtálacha.

**6 mharc: 3 mharc + 3 mharc**

**MPS**: Claonadh Imeallach chun Coigilte
An cion d'ioncam breise a choiglítear.

**6 mharc: 3 mharc + 3 mharc**

(ii) Ríomh méid an Iolraitheora, agus úsáid á baint agat as an bhfoirmle thuas. (Taispeáin do chuid oibre go léir)

$$\frac{1^*}{0.3^* + 0.2^*}$$

**2***

**8 marc: gach figiúr * ar 2 mharc an ceann**

A CHRÍOCH SIN

Leathanach Bán

Leathanach Bán